COMHAIRLE CHONTAE
Dhún na nGall
DONEGAL COUNTY COUNCIL

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

SUIRBHÉ AR SHUÍOMHANNA BUAILTEACHAIS I gCONTAE DHÚN NA nGALL

TÉARMAÍ TAGARTHA

Meán Fómhair 2011

Gníomh de chuid Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall
Á mhaoiniú ag Comhairle Contae Dhún na nGall & An Chomhairle Oidhreachta

1. RÉAMHRÁ

1.1. Comhthéacs.

Ba chleachtas an-choitianta é in Éirinn san am a chuaigh thart eallach agus ainmnithe eile feirme a bheith ar buailteachas ar thalamh ard agus ar na foithreacha. Ba mhinic a dhéantaí é seo giota maith ar shiúl as baile, mar sin de, ba mhinic go mb'éigean do dhaoine cónaí i mbotháin shealadacha in aice le talamh ard le buachailleacht a dhéanamh. Buailteachas, nó *booleying*, a tugadh ar an chóras seo in Éirinn nó *transhumance* i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Tá baint ag an bhuailteachas le córas feirmeoireachta na rondála a bhí i réim in Éirinn sa séú agus sa seachtú céad déag, agus mhair sé i gceantracha áirithe anuas go dtí an naoú céad déag. Is é a bhí sa chóras talmhaíochta rondála ná garpháirceanna (talamh níos fearr cóngarach don bhaile a úsáid ar mhaithe le feirmeoireacht arúil) agus cianpháirceanna (talamh de chaighdeán níos ísle níos faide ar shiúl as baile a úsáidtí go minic fá choinne buailteachais agus/nó saothrú talún). Comhlántach le talamh arúil, ach go háirithe i nDún na nGall, bhíodh talamh féarach agus talamh gan rath, a d'fhéadfaí a úsáid le stoc a chur ar buailteachas ar shiúl ón talamh curaíochta sa samhradh. Is sna tailte deireanacha seo, a dtugtaí an stoc chucu i rith an tsamhraidh, a thógadh lucht an bhuailteachais botháin shealadacha agus cónaí iontu ar feadh tréimhse.

Cuidíonn an staidéar ar bhuailteachas, agus ar shuíomhanna gaolmhara, linn léargas a fháil ar lonnaíocht shealadach, ar oidhreacht thógtha, ar phatrúin ghluaiseachta, agus ar na gnéithe cultúrtha agus sóisialta a bhí i gceist. Tabharfaidh an suirbhé ar shuíomhanna buailteachais i gContae Dhún na nGall deis dúinn tuigbheáil níos fearr a fháil ar an fhoirm lonnaíochta seo, doiciméadú a dhéanamh air agus deiseanna fá choinne staidéir bhreise a leagan síos. Pléann an tionscadal le hoidhreacht tírdhreacha agus ailtireachta mar atá leagtha amach san Acht Oidhreachta (1995) trí dhíriú ar bhallóga botháin bhuailteachais, agus a suíomhanna, atá ar marthain, a dhoiciméadú. Cé go bhfuil na botháin iontach bunúsach, tá baint an-chóngarach ach leis an ailtireacht réigiúnach dhúchasach, agus tugann siad cuid mhór eolais dúinn maidir le nádúr sóisialta agus coinníollacha maireachtála na ndaoine a chónaigh iontu. Níor tugadh aitheantas iomlán do luach oidhreachta na mbothán buailteachais agus le himeacht ama tá sé ag éirí níos deacra an traidisiún lonnaíochta seo a chaomhnú agus a dhoiciméadú. Cuirfidh an suirbhé seo le cur i bhfeidhm Gníomh 2.3 i bPlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall: "Fardal de bhotháin bhuaile agus suíomhanna a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú, agus feasacht a ardú i dtaca leis an bhuailteachas'.

Tá réamhthaighde déanta ar an bhuailteachas agus ar bhotháin bhuaile ag an Chúntóir um Thaighde Oidhreachta, Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, Seirbhísí Cultúrtha, Comhairle Contae Dhún na nGall. D'amharc an taighde ar an chleachtas i gcomhthéacs na hÉireann, agus rinneadh scagadh ar chuntais ailtireachta, bhéil agus théacsacha ar an bhuailteachas, go háirithe i gcomhthéacs Dhún na nGall. Tá liosta táscach de na suíomhanna buailteachais, a bhféadfaí imscrúdú allamuigh a dhéanamh orthu, curtha i dtoll a chéile. Cuirfear an t-eolas seo ar fáil do na taighdeoirí a cheapfar leis an staidéar a dhéanamh.

1.2. Cuspóir
Tugann an gníomh beartaithe aghaidh ar Ghníomh 2.3 de Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, is é sin
"Fardal de bhotháin bhuaile agus suíomhanna a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú, agus feasacht a ardú i dtaca leis an bhuailteachas'.

1.3. Aidhmeanna an Staidéir.

Is iad aidhmeanna an ghnímh seo den Phlean Oidhreachta ná:

(i) comhthadhall leis an Chúntóir um Thaighde Oidhreachta i gComhairle Contae Dhún na nGall le coitiantacht na mbothán buaile i nDún na nGall a fháil amach;

(ii) suíomhanna buailteachais, a ndéanfar suirbhéireacht orthu trí obair allamuigh agus trí mheasúnú talamh-bhunaithe, a aithint;

(iii) bunachar sonraí inchuardaithe de shuíomhanna buailteachais i gContae Dhún na nGall a bhunú i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall.

(iv) oidhreacht ábhartha na mbothán buaile agus gnéithe gaolmhara tírdhreacha atá ar marthain a mheas;

(iv) taifead grianghrafadóireachta, duilleog thaifeadta allamuigh agus sceitse suímh, a tháirgeadh do gach suíomh buailteachais a ndéantar suirbhé air.

(v) marthanacht agus luachanna oidhreachta na suíomhanna buailteachais atá fágtha i gContae Dhún na nGall a mheas;

(vi) tuairisc a tháirgeadh a sholáthraíonn ábhar le botháin bhuaile agus an buailteachas i gContae Dhún na nGall a leirmhíniú agus a thugann achoimre ar thorthaí an tsuirbhé.

(vii) cur i láthair poiblí a thabhairt ar na torthaí.

2. FREAGRA AR THREOIR AN TIONSCADAIL

Ba chóir moltaí mar fhreagra ar an treoir seo a leagan amach go mionsonraíoch cén cur chuige a bheas i gceist leis an staidéar, chomh maith le modheolaíocht agus aon ábhar cuí eile. Ba chóir na nithe seo a leanas a bheith i ndearadh an tionscadail:

2.1. Scileanna agus Taithí Riachtanacha

Ba chóir mionsonraí soiléire ar scileanna agus ar thaithí an taighdeora / na dtaighdeoirí a bheith sna moltaí, chomh maith le réimse na scileanna ábhartha gairmiúla a d'fhéadfadh a úsáid, agus CV(anna) an taighdeora / na dtaighdeoirí. Ba chóir mionsonraí a thabhairt fosta faoi thaithí ábhartha an chomhlachta agus na ndaoine atá beartaithe, chomh maith le samplaí d'aon bair shuibhéireachta allamuigh roimhe seo a bheadh ábhartha.

2.2. Ráiteas modha agus amchlár mionsonraithe

Soláthróidh an taighdeoir / na taighdeoirí ráiteas modha mionsonraithe agus amchlár mionsonraithe i dtaca le seachadadh an staidéir. Táthar ag súil go mbeidh na nithe seo a leanas sa togra:

2.2.1. Ráiteas Modha: ina mbeidh an t-ábhar tagartha atá le húsáid, modheolaíocht suirbhé agus samplála, obair allamuigh, comhairliúchán atá beartaithe, scagadh sonraí agus amchlár mionsonraithe. Soláthróidh Comhairle Contae Dhún na nGall léarscáileanna agus grianghraif ón spéir, agus soláthrófar aon taighde oifige atá déanta cheana féin.

2.2.2. Comhairliúchán le Príomhpháirithe Leasmhara**:** Tá sé tábhachtach go rachfar i gcomhairle le páirithe leasmhara agus go léirítear eolas ar na príomhpháirithe leasmhara sa mhodheolaíocht.

2.2.3. Plean Acmhainne**:** ag taispeáint briseadh síos ar uaireanta pearsa do gach céim den suirbhé.

2.2.4. Briseadh síos ar Chostais**:** Briseadh síos mionsonraithe ar chostais mheasta as gach gné den suirbhé a dhéanamh.

2.2.5. A fhad is a théann clúdach slánaíochta gairmiúla agus dliteanais poiblí.

2.3. Aschuir Suirbhé

Is iad aschuir an ghnímh seo den Phlean Oidhreachta ná:

(i) cóip chrua, dhaite, scarbhileogach amháin den tuairisc dheiridh le bunghrianghraif, agus dá chóip dhaite, faoi cheangal, den tuairisc dheiridh i bhformáid A4. Cóip leictreonach de gach tuairisc (i bhformáidí Microsoft Word agus pdf) le gach grianghraf, figiúr agus léarscáil;

(ii) seit lánlipéadaithe de na hamhshonrai uilig, ar a n-áirítear léarscáileanna agus duilleoga allamuigh;

(iii) bunachar sonraí inchuardaithe de shuíomhanna buailtechais suirbhéáilte/doiciméadaithe i gContae Dhún na nGall.

(iv) cóip lipeadaithe de gach grianghraf ardchaighdeánach (300dpi ar a laghad) a ghlacfar, ar cóipcheart ag Comhairle Contae Dhún na nGall, mar chóip chrua agus ar dhiosca (ar gléineacht a dtig caighdeán cló 7"x 5" a atáirgeadh); agus

(v) cur i láthair poiblí ar na torthaí.

3. ÁBHAR GINEARÁLTA

3.1. Amchlár

Tosóidh an tionscadal go luath i mí Dheireadh Fómhair 2011 agus beidh tuairisc dheiridh le cur isteach faoi dheireadh mhí na Samhna 2011. Caithfidh an taighdeoir / na taighdeoirí a cheapfar a bheith in ann tús a chur leis an obair láithreach bonn nuair a cheapfar iad.

3.2. Bainistiú Tionscadail

Treoróidh coiste stiúrtha ar a mbeidh ionadaithe ó Fhóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall forbairt an tionscadail seo. Ó lá go lá, beifear i dteagmháil leis an Oifigeach Oidhreachta agus leis an Chúntóir um Thaighde Oidhreachta. Buailfidh an coiste stiúrtha le chéile go rialta leis an chlár oibre a aontú agus le dul chun cinn an tionscadail a athbhreithniú. Beidh na cruinnithe seo ar siúl i gContae Dhún na nGall.

3.3. Buiséad

Is é €16,700 (CBL agus gach costas eile san áireamh) an t-uasbhuiséad don tionscadal seo. Ba chóir briseadh síos mionsonraithe a bhaineann le gach gné den tionscadal a chur isteach. Beidh gá le deimhniú glanta cánach ar do cheapadh.

3.4. Fórmáid agus Ábhar Tuairisce

Ba chóir gach ábhar a bheith cartlann-seasmhach. Ba chóir stíl agus ábhar na dtuairiscí bheith mar atá mionsonraithe sa doiciméad *Standardisation of Publication for Heritage Council Reports* de chuid na Comhairle Oidhreachta, ar fáil ag: www.heritagecouncil.ie/publications/standard/contents.htm
Ba chóir go mbeadh lógónna Chomhairle Contae Dhún na nGall agus na Comhairle Oidhreachta ar chlúdaigh thuairisce, agus an téacs seo a leanas orthu: "Gníomh de chuid Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall".

3.5. Árachas

Beidh gá le fianaise ar chlúdach slánaíochta gairmiúla agus dliteanais poiblí.

3.6. Cóipcheart agus Rúndacht

Beidh ar an taighdeoir / na taighdeoirí gach cóipcheart ar an tuairisc agus ar gach léarscáil, líníocht agus grianghraf a bhronnadh ar Chomhairle Contae Dhún na nGall. Ba chóir don taighdeoir cóipcheart ar aon léaráid nó ar aon ábhar eile a réiteach. Is féidir go gcuirfidh Comhairle Contae Dhún na nGall codanna den tuairisc a chur ar fáil d'úsáid phoiblí.

3.7. Saoráil Faisnéise

Feidhmíonn Comhairle Contae Dhún na nGall faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 agus d'fhéadfadh gach eolas atá i seilbh na Comhairle (moltaí a chuirtear

isteach mar fhreagra ar an treoir seo san áireamh) bheith faoi réir ag iarratais faoin Acht.

3.8. Moltaí a Mheas & Taighdeoirí a Roghnú

Bunófar an measúnú moltaí ar chumas an taighdeora / na dtaighdeoirí na scileanna agus na torthaí thuas a sheachadadh taobh istigh den amchlár achomair. D'fhéadfaí agallaimh a dhéanamh le hiarrthóirí roghnaithe roimh an mheasúnú deireanach. Níl iallach ar Chomhairle Contae Dhún na nGall glacadh le haon togra, nó leis an togra is ísle costas, agus ní íocfar a luach saothair le haon duine as aon dua nó aon chostas a bhí air nó uirthi agus iad ag ullmhú aighneachta. Táthar ag súil go mbeidh na nithe seo a leanas ag na taighdeoirí a n-éireoidh leo:

(i) Eolas maith agus tuigbheáil mhaith ar phatúin stairiúla lonnaíochta agus ar an bhuailteachas (25%).

(ii) Taithí chruthaithe ar a bheith i mbun suirbhéireachta allamuigh, agus ar thaifeadadh seandálaíochta/ailtireachta (30%).

(iii) cumas agus taithí chruthaithe i gcomhthadhall a dhéanamh le príomhpháirithe leasmhara agus i gcomhairliúchán poiblí éifeachtach a dhéanamh (15%).

(iv) taithí i scríobh tuairiscí soiléire achomaire fá choinne gnáthdhaoine agus bheith ag obair de réir spriocamanna dochta (20%)

(v) Costas (10%).

3.9. Dáta Druidte

Glacfar le haighneachtaí trí ríomhphoist chuig heritage@donegalcoco.ie roimh an dáta druidte ach cuir cóip pháipéir de d'iarratas isteach, le do thoil, fiú má thagann sé chugainn i ndiaidh an dáta druidte.

Ba chóir aighneachtaí (ar a n-áirítear moltaí táille agus ráiteas modha i dtaca leis an suirbhé a dhéanamh) a chur chuig:

Suirbhé ar Shuíomhanna Buaile
F/ch Seosamh Ó Gallchóir
Oifigeach Oidhreachta,
Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall,
Comhairle Contae Dhún na nGall,
Oileán an Stáisiúin,
Leifear,
Contae Dhún na nGall.

Is é Déardaoin 22 Meán Fómhair, 2011 an dáta druidte chun moltaí a fháil.

Ní féidir glacadh le moltaí i ndiaidh an spriocdháta seo.